

An Bhruiséil, 10 Meán Fómhair 2026
(OR. en)

13017/26

EF 243
ECOFIN 1165
DROIPEN 135
CRIMORG 189
DELECT 144

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 6179 final
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an 8.9.2026 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1108 a mhéid a bhaineann leis na critéir le haghaidh pointí teagmhála lárnacha a cheapadh do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus rialacha maidir lena bhfeidhmeanna

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 6179 final.

Faoi iamh: C(2026) 6179 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.9.2026
C(2026) 6179 final

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 8.9.2026

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1108 a bhaineann leis na critéir le haghaidh pointí teagmhála lárnacha a cheapadh do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus rialacha maidir lena bhfeidhmeanna

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 45(11) de Threoir (AE) 2015/849, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, tar éis don Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a thíolacadh agus i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, lena sonraítear na critéir chun na himthosca a chinneadh cén uair is iomchuí pointe teagmhála lárnach a cheapadh, agus cé na feidhmeanna ba cheart a bheith ag pointí teagmhála lárnacha.

I gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbunaítear an tÚdarás Baincéireachta Eorpach, ní mór don Choimisiún a chinneadh laistigh de 3 mhí tar éis na dréachtchaighdeáin theicniúla a fháil cé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh sé na dréachtchaighdeáin theicniúla arna gcur isteach a fhormhuiniú. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún gan na dréachtchaighdeáin a fhormhuiniú ach go páirteach, nó iad a fhormhuiniú maille le leasuithe, i gcás ina n-éilítear amhlaidh ar mhaithe le leasanna an Aontais, ag féachaint don nós imeachta sonracha a leagtar síos sna hairteagail sin.

2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinne ÚBE comhairliúchán poiblí maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 45(10) de Threoir (AE) 2015/849. Foilsíodh páipéar comhairliúcháin ar shuíomh gréasáin ÚBE an 4 Nollaig 2024, agus dúnadh an comhairliúchán an 4 Feabhra 2025. Ina theannta sin, d'iarr ÚBE an Grúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 chun comhairle a thabhairt dóibh maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla. In éineacht leis na dréachtchaighdeáin theicniúla chuir ÚBE míniú isteach faoin gcaoi ar cuireadh toradh na gcomhairliúchán sin san áireamh agus na dréachtchaighdeáin theicniúla chríochnaitheacha a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin á bhforbairt.

In éineacht leis na dréachtchaighdeáin theicniúla, agus i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, chuir ÚBE a mheasúnú tionchair isteach, lena n-áirítear an anailís a rinne sé ar na costais agus na tairbhí, a bhaineann leis na dréachtchaighdeáin theicniúla. Tá an anailís sin le fáil ag [*Regulatory Technical Standards on CCP to strengthen fight against financial crime*](#) [Caighdeáin Theicniúla Rialála maidir le Pointe Teagmhála Lárnach chun an comhrac in aghaidh na coireachta airgeadais a neartú] [An tÚdarás Baincéireachta Eorpach](#), leathanaigh 12-15 den Tuarascáil Deiridh maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Sna dréachtchaighdeáin theicniúla rialála deiridh, leagtar amach na critéir lena gcinntear na himthosca inarb iomchuí pointe teagmhála lárnach a cheapadh, mar aon le feidhmeanna na bpointí teagmhála lárnacha sin. Ós rud é go bhfuil feidhm ag na breithnithe céanna maidir le heisitheoirí ríomh-airgid (ERAnna) agus soláthraithe seirbhíse íocaíochta (SSÍanna) agus atá maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní (SSCSanna), tá rún ag ÚBE an struchtúr agus an cur chuige a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1108 ón gCoimisiún a choinneáil agus na forálacha atá ann cheana a leathnú d'fhonn soláthraithe seirbhíse íocaíochta a chumhdach (agus na forálacha a bhfuil feidhm acu maidir le heisitheoirí ríomh-airgid agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a fhágáil gan athrú), agus iad á gcur in oiriúint chun iad a fheistiú do chineál sainiúil na seirbhísí cripteashócmhainní, mar a

mheabhraítear in aithris 27 de Rialachán (AE) 2024/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, agus forálacha nua maidir le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní á dtabhairt isteach go comhréireach freisin i gcás inar gá sin i bhfianaise a samhla gnó agus a n-oibriú. Go sonrach, chinn ÚBE: (a) sainmhíniú a áireamh ar SSCSanna (lena léirítear an sainmhíniú in Airteagal 3(19) de Threoir (AE) 2015/849); (b) na sainmhínithe atá ann cheana ar ‘údarás inniúil’ agus ‘Ballstát óstach’ a leathnú chun tagairtí do SSCSanna a chur san áireamh; (c) forálacha sonracha a leathnú chuig SSCSanna; agus (d) critéir shonracha a áireamh chun na himthosca a chinneadh inar cheart é a cheangal ar SSCSanna pointe teagmhála lárnach a cheapadh.

¹ Rialachán (AE) 2024/1624 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 maidir le cosc a chur ar úsáid an chórais airgeadais chun críocha an sciúrtha airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta (IO L, 2024/1624, 19.6.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1624/io>).

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 8.9.2026

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1108 a mhéid a bhaineann leis na critéir le haghaidh pointí teagmhála lárnacha a cheapadh do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus rialacha maidir lena bhfeidhmeanna

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún², agus go háirithe Airteagal 45(11) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2023/1113 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³, cuireadh mír nua in ionad mhír 9 d'Airteagal 45 de Threoir (AE) 2015/849 chun deis a thabhairt do na Ballstáit é a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, chomh maith le heisitheoirí ríomh-airgid agus soláthraithe seirbhísí íocaíochta, atá bunaithe ar a gcríoch i bhfoirmeacha eile seachas brainse, agus a bhfuil a gceannoifig lonnaithe i mBallstát eile, pointe teagmhála lárnach a cheapadh ina gcríoch. Chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú i leith ceapadh pointe teagmhála lárnaigh agus chun feidhmeanna pointe teagmhála lárnaigh ar fud na n-earnálacha uile a chinneadh, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1108 ón gCoimisiún⁴ a leasú chun go n-áireofaí ann tagairtí do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní.
- (2) Chun raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1108 a leathnú chun soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus a n-údaráis inniúla a chur san áireamh, ba cheart na sainmhínithe ar 'údarás inniúil' agus 'Ballstát óstach' a leasú chun tagairtí do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a chur san áireamh.

² IO L 141, 5.6.2015, lch. 73, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2015/849/io>.

³ Rialachán (AE) 2023/1113 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí agus le cripteashócmhainní áirithe agus lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1113/io>).

⁴ Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1108 ón gCoimisiún an 7 Bealtaine 2018 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le caighdeáin theicniúla rialála maidir leis na critéir le haghaidh pointí teagmhála lárnacha a cheapadh d'eisitheoirí ríomh-airgid agus do sholáthraithe seirbhíse íocaíochta agus ina bhfuil rialacha maidir lena bhfeidhmeanna (IO L 203, 10.8.2018, lch. 2, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1108/io>).

- (3) Is gá freisin critéir a thabhairt isteach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1108 lena gcinnfear na himthosca ina bhféadfadh Ballstáit óstacha é a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní pointe teagmhála lárnach a cheapadh. Ba cheart an cur chuige céanna a leanúint sna critéir sin agus an cur chuige a chuirtear i bhfeidhm maidir le heisitheoirí ríomh-airgid agus soláthraithe seirbhísí íocaíochta, trí dhíriú ar mhéid agus scála na ngníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an eintiteas sa Bhallstát óstach. Ba cheart na critéir sin a chur in oiriúint chun iad a fheistiú do chineál sainiúil na seirbhísí cripteashócmhainní, áfach.
- (4) Mar is amhlaidh i gcás eisitheoirí ríomh-airgid agus soláthraithe seirbhísí íocaíochta, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann é a cheangal ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní pointe teagmhála lárnach a cheapadh i ngach cás ina bhfuil sé i gcomhréir le leibhéal an riosca sciúrtha airgid nó maoinithe sceimhlitheoireachta a bhaineann le hoibriú na soláthróirí seirbhísí cripteashócmhainní sin.
- (5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1108 ón gCoimisiún a leasú dá réir sin.
- (6) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach faoi bhráid an Choimisiúin.
- (7) Rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach comhairliúcháin phoiblí oscailte a reáchtáil maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1108

Léifear Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1108 mar a leanas:

- (1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:
 - (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (1) agus (2):

‘(1) ciallaíonn ‘údarás inniúil’ údarás Ballstáit atá inniúil chun a áirithiú go gcomhlíonann eisitheoirí ríomh-airgid, soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní atá bunaithe ina gcríoch i bhfoirmeacha eile seachas brainse agus a bhfuil a gceannoifig lonnaithe i mBallstát eile, go gcomhlíonann siad ceanglais Threoir (AE) 2015/849 arna dtrasú ag reachtaíocht náisiúnta;

(2) ciallaíonn ‘Ballstát óstach’ an Ballstát ar ar a chríoch a bhunaítear i bhfoirmeacha eile seachas brainse eisitheoirí ríomh-airgid, soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a bhfuil a gceannoifig lonnaithe i mBallstát eile;’;
 - (b) cuirtear an pointe (4) seo a leanas isteach:

⁵ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/io>).

‘(4) ciallaíonn ‘soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní’ soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (15), de Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* i gcás ina bhfuil seirbhís cripteashócmhainne amháin nó níos mó á soláthar aige mar a shainmhínítear i bpointe (16) den Airteagal sin, cé is moite de chomhairle a sholáthar maidir le cripteashócmhainní dá dtagraítear i bpointe (16)(h) den Airteagal sin.

* Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí cripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1114/io>).’;

(2) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

‘Féadfaidh na Ballstáit óstacha é a cheangal ar eisitheoirí ríomh-airgid, ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta, agus ar sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a bhfuil bunaíochtaí acu ina gcríoch i bhfoirmeacha eile seachas brainse agus a bhfuil a gceannoifig lonnaithe i mBallstát eile, pointe teagmhála lárnach a cheapadh i gcás ina gcomhlíontar aon cheann de na critéir seo a leanas:’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) maidir le méid carnach an ríomh-airgid a dháiltear agus a fuasclaítear, luach carnach na n-idirbheart íocaíochta a forghníomhaítear, nó luach carnach na seirbhísí agus na ngníomhaíochtaí a dhéanann bunaíochtaí na Soláthraithe Seirbhísí Cripteashócmhainní, meastar go mbeidh sé os cionn EUR 3 mhilliún in aghaidh na bliana airgeadais nó go raibh sé os cionn EUR 3 mhilliún sa bhliain airgeadais roimhe seo;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Gan dochar do na critéir a leagtar amach i mír 1, féadfaidh na Ballstáit óstacha é a cheangal ar chatagóirí eisitheoirí ríomh-airgid, soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a bhfuil bunaíochtaí acu ina gcríoch i bhfoirmeacha eile seachas brainse, agus a bhfuil a gceannoifig lonnaithe i mBallstát eile, pointe teagmhála lárnach a cheapadh i gcás ina bhfuil an ceanglas sin i gcomhréir le leibhéal an riosca sciúrtha airgid nó an mhaoinithe sceimhlitheoireachta a bhaineann le hoibriú na mbunaíochtaí sin.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Gan dochar do na critéir a leagtar amach i míreanna 1 agus 2, féadfaidh Ballstát óstach, i gcásanna eisceachtúla, é a thabhairt de chumhacht d’údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh é a cheangal ar eisitheoir ríomh-airgid, ar sholáthraí seirbhísí íocaíochta, nó ar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní a bhfuil bunaíochtaí aige ar a chríoch i bhfoirmeacha eile seachas brainse, agus a bhfuil a gceannoifig lonnaithe i mBallstát eile, pointe teagmhála lárnach a cheapadh ar choinníoll go bhfuil forais réasúnacha ag an mBallstát óstach chun a chreidiúint go ngabhann ardriosca sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta le hoibriú bunaíochtaí an eisitheora ríomh-airgid sin, an tsoláthraí seirbhísí íocaíochta sin nó an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní sin.’;

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

‘Airteagal 4

Comhlíonadh rialacha maidir le SAC/MSC a áirithiú

Áiritheoidh an pointe teagmhála lárnach go gcomhlíonann eisitheoirí ríomh-airgid soláthraithe seirbhísí íocaíochta, agus soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a oibríonn bunáíochtaí a shonraítear in Airteagal 45(9) de Threoir (AE) 2015/849 rialacha SAC/MSC an Bhallstáit óstaigh. Chun na críche sin, déanfaidh an pointe teagmhála lárnach:

(a) forbairt agus cur chun feidhme pholasaithe agus nósanna imeachta SAC/MSC a éascú de bhun Airteagal 8(3) agus (4) de Threoir (AE) 2015/849 tríd an eisitheoir ceapacháin ríomh-airgid, an soláthraí ceapacháin seirbhísí íocaíochta, nó an soláthraí ceapacháin seirbhísí cripteashócmhainní a chur ar an eolas faoi cheanglais SAC/MSC is infheidhme sa Bhallstát óstach;

(b) maoirseacht a dhéanamh, thar ceann an eisitheora ceapacháin ríomh-airgid, an tsoláthraí ceapacháin seirbhísí íocaíochta, nó an tsoláthraí ceapacháin seirbhísí cripteashócmhainní, ar chomhlíonadh éifeachtach na mbunáíochtaí sin ar cheanglas SAC/MSC is infheidhme sa Bhallstát óstach agus ar bheartais, rialuithe agus nósanna imeachta an eisitheora ceapacháin ríomh-airgid, an tsoláthraí ceapacháin seirbhísí íocaíochta, nó an tsoláthraí ceapacháin seirbhísí cripteashócmhainní arna nglacadh de bhun Airteagal 8(3) agus (4) de Threoir (AE) 2015/849;

(c) ceannoifig an eisitheora ceapacháin ríomh-airgid, an tsoláthraí ceapacháin seirbhísí íocaíochta, nó an tsoláthraí ceapacháin seirbhísí cripteashócmhainní a chur ar an eolas faoi aon sáruihte nó aon saincheistanna comhlíontachta a dtángthas orthu sna bunáíochtaí sin, lena n-áirítear aon fhaisnéis a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chumas na bunáíochta bearta agus nósanna imeachta SAC/MSC an eisitheora ceapacháin ríomh-airgid, an tsoláthraí ceapacháin seirbhísí íocaíochta, nó an tsoláthraí ceapacháin seirbhísí cripteashócmhainní a chomhlíonadh go héifeachtach nó a dhéanadh difear ar dhóigh eile do mheasúnú riosca an eisitheora ceapacháin ríomh-airgid, an tsoláthraí ceapacháin seirbhísí íocaíochta, nó an tsoláthraí ceapacháin seirbhísí cripteashócmhainní;

(d) a áirithiú, thar ceann an eisitheora ceapacháin ríomh-airgid, an tsoláthraí ceapacháin seirbhísí íocaíochta, nó an tsoláthraí ceapacháin seirbhísí cripteashócmhainní, go ndéanfar beart ceartaitheach i gcásanna nach gcomhlíonann na bunáíochtaí sin rialacha SAC/MSC is infheidhme nó go bhfuil riosca ann nach gcomhlíonfaidh siad iad;

(e) a áirithiú, thar ceann an eisitheora ceapacháin ríomh-airgid, an tsoláthraí ceapacháin seirbhísí íocaíochta, nó an tsoláthraí ceapacháin seirbhísí cripteashócmhainní, go mbeidh na bunáíochtaí sin agus a bhfoirne rannpháirteach i gclár oiliúna dá dtagraítear in Airteagal 46(1) de Threoir (AE) 2015/849;

(f) ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an eisitheora ceapacháin ríomh-airgid, an tsoláthraí ceapacháin seirbhísí íocaíochta, nó an tsoláthraí ceapacháin seirbhísí cripteashócmhainní ina gcumarsáidí leis na húdaráis inniúla agus le hAonad um Fhaisnéis Airgeadais an Bhallstáit óstaigh.’;

(4) leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

‘Éascóidh an pointe teagmhála lárnach an mhaoirseacht arna déanamh ag údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh ar bhunáíochtaí a shonraítear in Airteagal 45(9) de Threoir (AE) 2015/849 a mhéid a bhaineann le rialacha SAC/MSC an Bhallstáit óstaigh a chomhlíonadh. Chuige sin, déanfaidh an pointe teagmhála lárnach an méid seo a leanas thar ceann an eisitheora ceapacháin ríomh-airgid, an tsoláthraí ceapacháin seirbhísí íocaíochta, nó an tsoláthraí ceapacháin seirbhísí cripteashócmhainní.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an eisitheora ceapacháin ríomh-airgid, an tsoláthraí ceapacháin seirbhísí íocaíochta, nó an tsoláthraí ceapacháin seirbhísí

cripteashócmhainní ina gcumarsáidí le húdaráis inniúla;’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) freagra a thabhairt ar aon iarraidh arna déanamh ag údaráis inniúla a bhaineann le gníomhaíocht na mbunaíochtaí sin, faisnéis ábhartha a sholáthar atá i seilbh an eisitheora ceapacháin ríomh-airgid, an tsoláthraí ceapacháin seirbhísí íocaíochta, nó an tsoláthraí ceapacháin seirbhísí cripteashócmhainní agus i seilbh na mbunaíochtaí sin a sholáthar d’údaráis inniúla agus tuairisc a thabhairt ar bhonn rialta i gcás inarb iomchuí;’;

(5) Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

‘I dteannta na bhfeidhmeanna a shonraítear in Airteagail 4 agus 5, féadfaidh na Ballstáit é a cheangal ar phointí teagmhála lárnacha ceann amháin nó níos mó de na feidhmeanna seo a leanas a fheidhmiú thar ceann an eisitheora ceapacháin ríomh-airgid, an tsoláthraí ceapacháin seirbhísí íocaíochta, nó an tsoláthraí ceapacháin seirbhísí cripteashócmhainní:’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Féadfaidh na Ballstáit é a cheangal ar phointí teagmhála lárnacha ceann amháin nó níos mó de na feidhmeanna breise a shonraítear i mír 1 a fheidhmiú i gcás ina bhfuil na feidhmeanna breise sin i gcomhréir le leibhéal riosca foriomlán an sciúrtha airgid nó an mhaoinithe sceimhlitheoireachta a bhaineann le hoibriú na n-eisitheoirí ríomh-airgid sin, na soláthróirí seirbhísí íocaíochta sin, agus na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní sin a bhfuil bunaíochtaí acu ina gcríoch i bhfoirmeacha eile seachas brainse.’.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8.9.2026

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN